



Scoil Mhuire Maigh Cuilinn

PLEAN SCOILE

GAEILGE

1.

RÉAMHRÁITEAS

Cuireadh an Plean Uile Scoile Gaeilge seo le chéile le comhair foireann múinteoireachta na scoile chun:

- Athbreithniú a dhéanamh ar an sean-phlean Gaeilge i gcomhthéasc an Churaclaim Teanga Bunscoile
- Aimeanna agus fíis na scoile i leith na Gaeilge a shoiléiriú
- Cabhrú linn an Curaclam Gaeilge a chuir i bhfeidhm go héifeachtach
- Comhaontú, comhsheasmhacht agus leanúnachas a bheith ann maidir le múineadh na Gaeilge sa scoil
- Modheolaíocht Cur Chuige Cumarsáideach a leanúint tríd an scoil maidir le múineadh na Gaeilge
- Treoir a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag tabhairt faoi pheanáil don Ghaeilge

1.1 Comhthéacs na Scoile maidir leis an nGaeilge

Is é an an Béarla príomhtheanga teagaisc na scoile (T1.) Ba scoil Ghaeltachta í Scoil Mhuire go dtí le déanaí agus, cé nár cuireadh isteach ar an Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta, tá grá ag muintir na scoile don Ghaeilge agus bród orainn as stair Gaeltachta na scoile agus as státas Mhaigh Cuilinn mar Cheantar Pleanála Teanga.

Déantar iarracht speisialta cumas labhartha na bpáistí a fhorbairt agus dea-dhearcadh a chothú iontu i leith na Gaeilge caoi is go n-aithneoidh said í mar theanga bheo agus go mbainfidh said úsáid aistí mar ghnáth-theanga cumarsáide chomh minic agus is féidir.

2.

FÍS AGUS AIDHMEANNA

2.1 Fís: An Plean i gComhthéacs na Scoile

- Gra don Ghaeilge agus suim sa Ghaeilge a chothú sna páistí
- Feasacht a chothú ar oidhreacht Gaeltachta an cheantair
- Atmosféar taithneamhach, tacaíochta, spreagúil a bheith sa scoil ó thaobh cumarsáid trí Ghaeilge

- Go n-aithneodh na páistí an Ghaeilge mar theanga bheo cumarsáide
- Go mbéadh deis ag páistí an Ghaeilge a labhairt chomh minic agus is féidir i rith an lae ar scoil
- An Ghaeilge a bheith le feiceáil go forleathan i dtimpeallacht na scoile
- An Ghaeilge a bheith le cloisteáil mar ghnáth-theanga caidrimh i dtimpeallacht na scoile

2.2 Aidhmeanna

- Grá don Ghaeilge mar teanga bheo caidrimh a chothú sna páistí
- An Ghaeilge a bheith in úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae ar scoil
- Muinín a chothú sna bpáistí Gaeilge a labhairt mar theanga cumarsáide
- Go mbéadh gníomhaíocht, spraoi, spórt, agus taitheamh i gceist ó thaobh foghlaim na Gaeilge de
- Cumas éisteachta agus labhartha na bpáistí a fhorbairt
- Fóclóir na bpáistí a leathnú
- Cruinneas foghraíochta agus gramadaí na bpáistí a fhorbairt
- Cumas litrithe na bpáistí a fhorbairt
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú sna ranganna cuí (Rang 2 go 6)
- Labhairt, éisteacht, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach chomhtháite
- Feasacht teanga a chothú sna bpáistí

2.3 Foghlaim an Dara Teanga ag Páistí: Príomhphrionsabail

Déantar foghlaimoirí teanga níos féinriartha agus níos spreagtha de pháistí ach deiseanna a bheith acu le haghaidh idirghníomhaíocht thaitneamhach le daoine eile.

Foghlaimíonn páistí stór focal ó bhéal tábhachtach agus frásaí tábhachtacha ach deiseanna le haghaidh aithrise a bheith acu trí scéalta, amhráin, súgradh agus nósmaireachtaí laethúla.

Mealltar na páistí le deiseanna le haghaidh cumarsáid lánbhrí mar a mbaineann siad úsáid as leideanna comhthéacsúla agus réamheolas le haghaidh fíorchuspóra.

Díríonn na páistí ar bhrí i dtosach chun eolas intuigthe ar T2 a fhorbairt, agus díríonn siad ar fhoirm níos déanaí.

Is féidir le páistí treisiú earráidí a sheachaint ach foirm a theagasc go follasach, lena n áirítear gnéithe áirithe den ghramadach.

Múintear páistí tríd an sprioctheanga; mar shampla, múintear Gaeilge trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla.

An t-eolas atá ag páistí roimh ré, an chéim ag a bhfuil siad ina gcuid forbartha agus na rudaí a bhfuil suim acu iontu, is pointí tosaigh tábhachtacha iad sin nuair a bhíonn a bhfoghlaím teanga á pleanáil.

Beidh foghlaim T2 páistí á méadú agus á brostú de réir mar a mhéadaítear a dteagmháil le T2, mar shampla, úsáid neamhfhoirmiúil a bhaint as an nGaeilge an lá ar fad.

Déantar foghlaim teanga na bpáistí a mhéadú ach deiseanna a bheith acu le teanga a chruthú le briathra, gan bhriathra agus i scríbhinn, i gcomhthéacsanna lánbhrí, i rith an lae scoile ar fad.

Múnlaítear na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaím teanga na bpáistí de réir mar a thugtar aitheantas dá n-éagsúlachtaí aonair agus mar a fhreagraítear dóibh.

Déantar measúnú ar dhul chun cinn na bpáistí sa teanga tríd an teanga a chruthaíonn siad go neamhspleách chomh maith le measúnuithe faoi threoir an mhúinteora.

3.

AN PLEAN GAEILGE

3.1 An Cur Chuige Cumarsáideach

Is é an Cur Chuige Cumarsáideach an cur chuige atá molta sa churaclam leis an dara teanga (T2) a mhúineadh. Tá an cur chuige seo dírithe ar an bhfhoghlaimeoir; leagtar an phríomhbhéim ar riachtanas cumarsáide a bheith á chomhlíonadh ag an bhfoghlaimeoir.

Dírítear an chur chuige ar bhrí agus ar theachtaireachtaí a chur in iúl, agus an múinteoir ag múnú agus ag athúsáid na teanga.

Leagtar an bhéim ar chumarsáid thaitneamhach, idirghníomhach a bhfuil cuspóir léi agus úsáidtear an sprioctheanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir sa cheacht teanga.

I Scoil Mhuire, cuirtear béim ar chumarsáid nádúrtha agus an Cur Chuige Cumarsáideach á chur i bhfeidhm. Tá na topaicí atá le múineadh ábhartha do thaithí an pháiste chun suim cumarsáide a mhúscailt agus chun go mbeidh an páiste gníomhach san fhoghlaim. Is é an rud is tábhachtaí ná na páistí a chur ag caint agus ag déanamh cumarsáide chomh luath agus is féidir. Cuirtear béim ar thaitheamhacht an ábhair theagaisc chun suim an pháiste a choinneáil i rith an cheachta.

Cuirtear béim ar úsáid na teanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir i rith an cheachta. Cruthaíonn an múinteoir tascanna, cluichí teanga agus comhthéacsanna taitneamhacha chun go mbeidh gá le cumarsáid a dhéanamh ag baint úsáid as na ceithre scil teanga: éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Gnéithe Suntasáí

- Ábhar an cheachta a bheith suimiúil
- An teanga a bheith bainteach le saol laethúil an pháiste
- An teanga a bheith aisiúil agus ábhartha don chomhthéacs
- Comhtháthú a bheith ann idir an ceithre shnáithe don mhéid is féidir (éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht)
- Fóclóir ábhartha a mhúineadh agus a chleachtadh go rialta trí na ceithre shnáithe
- Feidhmeanna teanga a mhúineadh agus a chleachtadh go rialta trí na ceithre shnáithe
- An múinteoir ag baint úsáide as réimse áiseanna foghlama, m. sh. stór focal, luaschártaí, postaeir, s. rl.
- An Ghaeilge amháin a bheith in úsáid ag an múinteoir le linn an cheachta, 'sé sin le rá gan a bheith ag aistriú Gaeilge go Béarla chun brí a shoiléiriú
- Tuiscint teanga a bheith ag páistí, m. sh. páistí in ann treoireacha a leanúint
- Saoirse ag páistí botúin a dhéanamh, 'sé sin le rá, nach dtéann an múinteoir thar fóir botúin beaga a cheartú

Ba choir go mbeadh cumarsáid ar siúl idir pháistí i ngach ceacht. Tá trí thréimhse teagaisc agus foghlama i gceist I ngach ceacht:

1. an tréimhse réamhcumarsáide
2. an tréimhse cumarsáide
3. an tréimhse iarchumarsáide.

An Tréimhse Réamhchumarsáide

Ionchur suntasach ón múinteoir ag tús an cheachta le gníomhaíochtaí nó cluiche spreagúla, taitheamhacha mar shampla, foghlaim foclóra, cleachtadh comhréire, gníomhaíochtaí faoi threoir, cluichí gramadaí.

An Tréimhse Chumarsáide

Ag lár an cheachta, cruthaíonn an múinteoir gá le húsáid na teanga chun cumas cumarsaide an pháiste a fhorbairt agus deis a thabhairt don pháiste teanga nua a chruthú dó/di féin trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cumarsáide, tascanna le déanamh, fadhbanna le réiteach, cluichí cumarsáide, bearnaí a líonadh in agallamh taifeadta, rólímirt i suíomheanna éagsúla, idirghníomhú sóisialta, déanamh drámaí agus sceitsí, plé agus díospóireachtaí s. rl.

An Tréimhse Iarchumarsáide:

Ag deireadh an cheachta, tugtar seans don pháiste dul siar ar theanga an cheachta trí ghníomhaíochtaí iarchumarsáide, m. sh. cleachtadh gramadaí, anailís na teanga, cluichí breise, tasc nua. Beidh an chumarsáid ina cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama. Tá cumarsáid i gceist le muineadh na scileanna teanga go léir.

Tréimhse an Cheachta	Saintreithe	Gníomhaíochtaí	Eagar an Ranga	Ról an Mhúinteora
Réamhchumarsáid	Foghlaim foclóra Structúr teanga Gramadach Miniú Ceistiú	Cluichí Teagasc/múineadh Athrá Aithris Leitheoireacht Éisteacht	Rang mar aonad	Ag múineadh
Cumarsáid	Caint Comhrá Úsáid na teanga Páistí gníomhach	Cluichí teanga Drámaíocht Comhrá Ról imirt Scríbhneoireacht	Obair bheirte Obair ghrúpa Rang mar aonad	Ag éascú Ag éisteacht Ag cuidiú Ag tacú Gan a bheith ag ceartú
Iar-chumarsáid	Dul siar Ainilís Cleachtadh Dul chun cinn	Cúrsaí gramadaí Litriú Athrá Cleachtadh Scríbhneoireacht Dréachtú	Rang mar aonad Grúpaí ranga	Ag múineadh

An Cur Chuige Cumarsáideach Taobh Amuigh den Cheacht Gaeilge

Is é an cur-chuige cumarsáide an ghné is tábhachtaí ó thaobh foghlaim na teanga de, chun go mbeidh an páiste in ann é/í féin a chur in iúl agus na paisti eile in ann é/í a thuiscint. Caithfidh an múinteoir na paistí a spreagadh an Ghaeilge a úsáid in atmasféar taitneamhach, tacaíochta.

Caithfidh an múinteoir deiseanna a chruthú ina mbeidh gá leis an nGaeilge a úsáid.

Leagtar béim láidir ar na feidhmeanna teanga mar áis cumarsáide. Is í an chumarsáid príomhaidhm an cheachta Gaeilge. Déantar tréan-iarracht na ceithre snaithe a bheith comhtháite le chéile an mhéid agus is féidir.

3.2 A Na Feidhmeanna Teanga

Is é feidhm teanga ná an úsáid a bhaintear as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, m. sh. páiste ag cur é/í féin in aithne do dhuine eile, ag cur ceiste ar dhuine eile, ag tabhairt freagra do dhuine eile, ag iarraidh rud ó dhuine eile, ag cur mian in iúl do dhuine eile, ag iarraidh cead ó dhuine eile s. rl.

Is iad na feidhmeanna teanga croí-lár an churaclam Ghaeilge, agus beidh siad le comhlíonadh i ngach gné den chumarsáid, pé acu ag éisteacht, ag labhairt, ag léamh nó ag scríobh atá an pháiste. Tá múineadh na bhfeidhmeanna chun go mbeidh páistí in ann cumarsáid a dhéanamh trí Ghailge, an dara teanga acu. Tá sé tábhachtach go mbeidh máistreacht acu ar fheidhmeann uile na teanga.

Tá na feidhmeanna teanga roinnte sna catagóirí seo a leanas

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Dul i gcion ar dhuine
- Struchtúr a chur ar chomhrá
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá

Caithfear aithris a dhéanamh go rialta ar na feidhmeanna teanga chun iad a dhainginiú agus a threisiú. Bunaítear na nathanna cainte ar na feidhmeanna teanga. Tá liosta de na feidhmeanna teanga a mhuinfear do pháistí faoi iamh. (Aguisín 1)

Múinfear nathanna cainte agus seanfhocail a bhaineann le téamaí an churaclaim do pháistí de réir mar a eireoidh said. Tá liosta dóibh siúd faoi iamh. (Aguisín 2)

Is féidir cur leis an liosta seo nuair atá nathanna á fhoghlaim sna ceachtanna bunaithe ar na teamaí agus na feidhmeanna teanga atá foghlamtha, forbartha agus in úsáid go cumarsáideach ag páistí a mharcáil.

Leanfaidh an liosta céanna na páistí ó rang go rang de réir mar a théann siad tríd an scoil. Is mian linn go mbeidh na paistí in ann an Ghaeilge atá acu a úsáid chun labhairt, léamh agus scríobh faoi thopaicí a bhfuil spéis acú féin iontu i slí nádúrtha cumarsáideach.

3.3 An Curaclam Gaeilge

3.3.1 Snaitheanna an Churaclaim

Tá trí shnáith sa Churaclam Gaeilge:

1. Teanga ó Bhéal
2. Léitheoireacht
3. Scríbhneoireacht

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclam Gaeilge eagraithe faoi thrí gnéithe:

1. Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga
2. Ábhar agus struchtúr an teanga a thusicint
3. Teanga a fhiosrú agus a úsáid

Tá torthaí foghlama ar leith ag baint le gach gné.

Teanga ó Bhéal: Éisteacht

- Éisteacht neamhfhoirmiúil le linn an cheachta Gaeilge agus taobh amuigh de. Eisteacht leis an teanga á labhairt ag daoine eile, múinteoirí agus páistí eile san áireamh
- Éisteacht fhoirmiúil le linn an cheachta Gaeilge. Éisteacht le teanga theagaisc an mhúinteoir agus leis an teanga á labhairt ag páistí eile agus iad i mbun gníomhaíochtaí

Bíonn Éisteacht ag tarlú go neamhfhoirmiúil trí pháistí a bheith ag éisteacht leis an múinteoir i rith an lae agus ag éisteacht le na paistí eile sa seomra ranga.

Déantar freastal ar an snath Éisteachta i mBua na Cáinte.

Bíonn Éisteacht á fhorbairt go foirmiúil trí úsáid a bhaint as Cúla 4, trí éisteacht le hamhráin, rannta, cláranna Raidió na Gaeltachta (m.sh. aimsir nó nuacht léite trí Ghaeilge.)

Déantar forbairt ar chumas éisteachta na bpáistí trí:

- Chluichí éisteachta a imirt (m.sh. Deir Ó Grádaigh, Feicim rud le mo shúilín beag s.rl.)
- Dánta agus amhráin a rá
- Scéalta a insint
- Rabhlóga a rá
- Chluichí teanga a imirt
- Ag éisteacht agus ag aithint
- Eisteacht agus ag dathú a imirt
- Mím a dhéanamh
- Drámaíocht a dhéanamh
- Nótaí a bhreacadh
- Treoiracha a thabhairt
- Bhaile Gaelach

Teanga ó Bhéal: Labhairt

- Labhairt neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae ar scoil
- Labhairt foirmiúil le linn an cheachta Gaeilge

Bíonn Éisteacht ag tarlú go neamhfhoirmiúil trí pháistí a bheith ag caint leis an múinteoir i rith an lae agus ag csaint le na paistí eile sa seomra ranga.

Déantar freastal go foirmiúil ar an snath Labhartha i mBua na Cáinte.

Déantar forbairt ar chumas labhartha na bpáistí trí:

- Feidhmeanna Teanga agus a mhúineadh (féach Aguisín 1)
- Réimse leathan, cuimsitheach módhanna múinte agus áiseanna a úsáid, m.sh. cluichí teanga, rannta, amhráin, scéalta, éisteacht le Raidió na Gaeltachta, féachaint ar Chúla 4 chun líofacht Ghaeilge a fhorbairt
- Abairtí a chumadh
- Nuacht a insint
- Aimsiú agus ag labhairt
- Ghníomhnú agus ag labhairt
- Chur síos a dhéanamh (m.sh. ar phictiúr.)
- Threoracha a thabhairt
- Cluichí boird a imirt
- Scéalta a insint

- Rannta agus amhráin a rá
- Aithris a dhéanamh ar phíosáí fillíochta

Léitheoireacht

Déantar gníomhaíochtaí réamh-léitheoireachta ó Naí Bheaga go Rang a hAon le pictiúrleabhair agus prionta Gaeilge sa timpeallacht.

Cuirtear tús le léitheoireacht fhoirmiúil i Rang a Dó. Úsáidtear an téacsleabhar Bua na Cainte chomh maith le leabhair mhóra agus leabhair bheaga breise. Baintear úsáid fresin as teacsleabhair breise m.sh. Leigh sa Bhaile agus Am Don Léamh chun freastail ar an Léitheoireacht.

Ullmhúchán don Léitheoireacht (Rang na Naíonáin go dtí Rang 1):

Múintear an léitheoireacht go neamh-fhoirmiúil sna bun-ranganna trí súgradh, rannta, foclóir, gníomhaíochtaí réamh-léitheoireachta, cluichí s.rl.

Léann an múinteoir scéalta Gaeilge don rang go rialto as leabhair móra. Tá na leabhair seo fágtha sa leabharlann sa seomra ranga agus tá na páistí in ann na leabhair seo a lámhseáil iad féin.

Tosaítear le meaitseáil focal agus pictiúr agus ansin ar aghaidh go dtí frásaí agus abairtí agus fíorleabhair ag tógáil Gaeilge neamh-fhoirmiúil san áireamh.

Scríobhann páistí a gcuid leabhair féin, m.sh. le pictiúr agus focal amháin ar gach leathanach, ag leanúint ar aghaidh go abairt m.sh. 'Is maith liom ...' le deireadh nua ar gach leathanach.

Cuirtear luaschártaí ar teaspáint timpeall na scoile chomh maith caoi is go mbeidh said á léamh ag páistí go neamhfhoirmiúil. Tá na luaschártaí seo úsáideach chomh maith nuair a thosaítear leis an léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Bíonn cáirt aimsire á líonadh isteach agus á léamh 'chuile lá; bíonn an foclóir céanna in úsáid i rith na bliana.

Nuair a scríobhtar an nuacht ar an gclár idirghníomach, ligtear do pháistí iarracht a dhéanamh í a léamh. Bíonn an foclóir céanna in úsáid ó lá go lá chun í a dhaingniú.

Forbairt na Léitheoireachta (Rang 1-Rang 6)

Tosaíonn an léitheoireacht go foirmiúil i Rang 2.

Scríobhtar Nuacht an Lae bunaithe ar theanga na bpáistí. Seoltar isteach fóclóir nua atá foghlaimithe le déanaí sa nuacht.

Bíonn neart prionta sa timpeallacht, m.sh. cárteanna fóclóra, rialacha gramadaigh, sean-fhocail, nathanna cainte, fograí s.rl. le feiceáil ar na ballaí sna seomraí ranga.

Baintear úsáid as leabhair móra, go háirithe i Rang 2.

Go hiondúil, tosaíonn an ceacht léitheoireachta leis an múinteoir ag léamh os ard.

Bíonn seans ag páistí a bhfuil deacrachtaí acu na haltanna nó na leathanacha is éasca a chleachtadh agus a léamh chun muinín a chothú.

Bíonn 'léamh péireáilte' ar siúl go rialto; páistí ag leamh i mbeirteanna agus ag tabhairt cúnamh dá chéile. Is féidir na péireanna seo a dhéanamh le páistí sa rang-ghrúpa céanna nó páistí ó ranganna sinsireacha ag obair le páiste i rang sóisearacha.

Bunaítear an léitheoireacht ar na téamaí, agus tugtar deis do pháistí a gcuid scéalta féin a scríobh bunaithe ar théama na míosa. Nuair atá na scéalta ceartaithe ag an múinteoir is féidir leis na páistí scéalta a chéile a léamh.

Scríbhneoireacht

Déantar gníomhaíochtaí réamh-scríbhneoireachta ó Naí Bheaga go Rang a hAon. Déanann páistí cleachtadh ar a fhocail agus sr frásaí/abairtí simplí a scríobh, m.sh.

- A n-ainmneacha
- Nuacht an Lae
- An Aimsir (cáirt aimsire)
- Focail aonair/frásaí simplí/abairtí simplí a bhaineann le pictiúr, m.sh. Is mise Seán, an t-úll, tá áthas orm, is maith liom, s.rl.

Cuirtear tús le scríbhneoireacht fhoirmiúil i Rang a Dó. Úsáidtear an téacsleabhar *Bua na Cainte*.

Cuirtear béim ar an ngramadach sna h-ard-ranganna.

De ghnáth bíonn tasc scríbhneoireachta le déanamh ag paistí gach lá mar chuid den cheacht Gaeilge agus uaireanta bíonn an obair seo le críochnú mar obair bhaile.

Agus múinteoirí ag ceartú na scríbhneoireachta, cuirtear béim ar fhéinmhuinín a chothú agus ní cheartaítear gach uile botún. Díritear ar réimse caol botúin seachas gach botún a cheartú, m.sh. bunfhocail, focail go mba chóir a bheith ar eolas nó focail coitianta a bheidh úsáideach amach anseo amach. Tá sé tábhachtach go dtuigeann tuismitheoirí an fealsúnacht seo.

Seo a leanas sampla de na gníomhaíochtaí scríbhneoireachta a úsáidtear:

- Focail/Fóclóir Nua
- Liostaí
- Míreanna
- Líon na Bearnaí
- Abairtí/Frásaí
- Cleachtaí scríofa m.sh cleachtaí tuisceana
- Litir (post)
- Cuireadh
- Biachlár
- Crosfhocal
- Torfhocal
- Aistí
- Scéalta
- Focail
- Nuacht Shimplí
- Puzail
- Bolgain Cainte

Tugann na páistí faoi chleachtaí scríbhneoireachta - scríobhann na páistí scéalta, ailt, litreacha, cártaí poist srl. de réir a n-aois agus a gcumas

Litriú

Cuirtear tús leis an litriú foirmiúil i Rang a Dó. Baintear úsáid as an téacsleabhar Fuaimeanna agus Focail.

De réir mar a mhúinteas fóclóir nua do pháistí, tugtar rogha focail mar litriú do pháistí, de réir a n-aoiseanna agus a gcumas, m.sh. Téama: **An Aimsir**. Litriú: **ag cur báistí**.

Moltar do mhúinteoirí béim a chur ar fhocail a mhúineadh a bheidh in úsáid go rialta ag páistí agus focail doiléire casta a sheachaint.

Gramadach:

Baintear úsáid as an téacsleabhar *Bua na Cainte* ó Rang a Trí go Rang a Sé. Tá sraith gramadaí sa téacsleabhar seo.

3.3.2 Téamaí an Churaclaim

Bunófar an obair theagaisc ar théamaí an churaclaim, chomh maith le múineadh na bhfeidhmeanna teanga agus na nathanna cainte. Déantar iarracht i gcónaí an t-ábhar a dhéanamh ábhartha do thaithí an pháiste. Roghnófar topaicí as na téamaí a bhéas suimiúil dom pháiste.

Tá deich gcinn de théamaí sa churaclaim Gaeilge:

1. Mé Féin
2. Sa Bhaile
3. An Scoil
4. Bia
5. Siopadóireacht
6. Caitheamh Aimsire
7. Éadaí
8. An Aimsir
9. Ócáidí Speisialta
10. An Teilifís

3.3.3 Straitéisí agus Modhanna Múinte**Straitéisí**

Baintear úsáid as réimse straitéise chun an teanga a mhúineadh:

- Cluichí teanga
- Tascanna agus fadhbanna
- Druileanna
- Drámaíocht
- Díospóireacht
- Físeáin a thaifeadadh
- Aipeanna
- Seanfhocail
- Filíocht - rainn, dánta, amhráin, rabhlóga
- Agallaimh beirte
- Scéalaíocht
- Seachtain na Gaeilge
- Tráth na gCeist

- Nuachtáin
- Cláir teilifíse
- Deachtú gus breacadh nótaí
- Baile Gaelach

Módhanna Múinte

Múintear an Ghaeilge go foirmiúil ar feadh 2 uair 30 nóiméad i rith na seachtaine sna rangann naíonáin agus ar feadh 3 uair 30 nóiméad sna ranganna eile.

Baintear úsáid as réimse modhanna múinte chun an teanga a mhúineadh:

- An Modh Díreach, m.sh. is bord é, is fuinneog í.
- Modh na Sraithe, m.sh. Bhuaile an clog. D'eirigh mé ó mo chathaoir. Shiúil mé amach an doras.
- Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí, m.sh. Faigh do chóta. Cuir ort é. Bain díot é.
- An Modh Closlabharta, m.sh. Tráth na gCeist.
- An Modh Closamharc, m.sh. Pictiúir, luaschartaí
- Modh na Ráite (athrá, druil foghraíochta

3.3.4 Gaeilge Neamhfhoirmiúil

Déantar iarracht an Ghaeilge a úsáid go feidhmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae taobh amuigh den cheacht Gaeilge agus taobh amuigh den seomra ranga, m. sh. ag am sosa agus am loin sa chlós, ag dul ar theachtaireachtaí go dtí an oifig nó go seomraí ranga eile, sa rang corpoideachais.

3.3.5 Pleanáil an Mhúinteora

Tugann múinteoirí ranga faoi pheanáil fad-téarmach - Scéim Bliana nó Scéim Théarmach - ag tagairt dom phlean scoile Gaeilge.

Scríobhann an múinteoir scéim ghearr-théarmach - Scéim Coicíse.

Le linn na míosa, léiríonn an múinteoir ar an Scéim Coicíse an méid den obair phleanáilte atá comhlíonta. Ag deireadh na míosa, cuirtear an dá Scéim Coicíse le chéile mar Chuntas Míosúil. Tá an Cuntas Míosúil ináirithe sa Scéim Coicíse.

3.3.6 Téacsleabhair Teagaisc

Baintear úsáid as an scéim Bua na Cainte' ó Naíonáin go Rang 6.

Féach a leanas liosta de na téacsleabhair atá in úsáid sa scoil:

Rang	Scéim/Téacsleabhair in Úsáid
Naí Bheaga	Bua na Cainte A
Naí Mhóra	Bua na Cainte B
Rang 1	Bua na Cainte 1
Rang 2	Bua na Cainte 2

	Fuaimeanna agus Focail
Rang 3	Bua na Cainte 3 Fuaimeanna agus Focail Leigh sa Bhaile
Rang 4	Bua na Cainte 4 Fuaimeanna agus Focail Leigh sa Bhaile
Rang 5	Bua na Cainte 5 Fuaimeanna agus Focail Leigh sa Bhaile Fóclóir Gaeilge
Rang 6	Bua na Cainte 6 Fuaimeanna agus Focail Leigh sa Bhaile Am Don Léamh Fóclóir Gaeilge

3.3.7 Éagsúlacht Cumais

Déantar iarracht freastal ar éagsúlacht cumais idirdhealú a dhéanamh don na páistí áirithe sin trí modhanna múinte, straitéisí difriúla agus áiseanna ar leith a úsáid.

Caithfidh gach páiste sa scoil páirt sa cheacht Gaeilge chomh maith agus is féidir leis/léi. Déantar socruithe cuí maidir le leanaí a bhfuil díolúintí acu, i gcomhréir le Ciorcalán 54/2022.

3.3.8 Comhtháthú le hÁbhair Eile

Déantar comhtháthú le hábhair eile chomh fada agus is féidir tríd Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn na gceachtanna sin. Chomh fada agus is féidir, seoltar isteach feidhmeanna teanga Gaeilge mar chuid den teanga teagaisc. Moltar do mhúinteoirí úsáid a bhaint as an nGaeilge aon uair is féidir mar mhailirt ar Bhéarla a úsáid, m. sh.

- An bhfuil sibh críoctaithe fós?
- Tugaigí amach bhur leabhair.
- An bhfuil 'fhios ag éinne an freagra?
- Céard a cheapann tusa?

Ó Meán Fómhair 2025 ar aghaidh, beidh muid ag tabhairt faoi FCÁT sa cheacht Corp Oideachais. Déanfar iarracht ar leith an Ghaeilge a labhairt le páistí le linn an cheachta agus beidh iallach ar pháistí iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a úsáid.

3.3.9 Measúnú

Baintear úsáid as na modhanna measúnaithe seo a leanas, de réir Contanam de Mhodhanna Measúnaithe:

- Measúnú chun Foghlama
- Measúnú den Fhoghlaim

Measúnú Stiúraithe ag an bPáiste

- Féinmheasúnú
- Comhdháil

Measúnú Stiúraithe ag an Múinteoir

- Dírbhreathnú an mhúinteora
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- Bailiúcháin d'obair agus de thionscadail an pháiste
- Scrúdaithe caighdeánaithe Dhrom Chonrach

3.3.10 Obair Bhaile

Tugtar obair bhaile do pháistí ó Rang a hAon go Rang a Sé de réir nósanna Obair Bhaile na scoile.

Tugtar rogha míreanna d'obair bhaile ar nós:

- Léitheoireacht a chleachtadh
- Cleachtaí scríofa ó na téacsleabhair nó dearaithe ag an múinteoir
- Litriú a fhoghlaim
- Rannta/Filíocht/Amhráin a chleachtadh agus a fhoghlaim

Déanfar socruithe cuí do pháistí atá díolmhaithe ó staidéar na Gaeilge ó thaobh obair bhaile de. Maidir leis na páistí sin, agus le daltaí eile a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu nó atá ag fail tacaíochta foghlama i réimse na litearthachta, déanfar cinnte de go mbeidh an obair bhaile idirgheallaithe go cuí.

4. RÓLANNA AGUS FREAGRACHT

Cur i bhfeidhm an Phleain

Tá gach múinteoir freagrach as an bplean a chur i bhfeidhm ina rang féin.

Déanfaidh Príomhoide Cúnta Seán ó Flaithearta monatóireacht ar chur i bhfeidhm ar fud na scoile.

5. ATHBHREITHNIÚ AR AN BPLEAN


Déanfar athbhreithniú ar an bPlean Gaeilge seo ag deireadh na scolbliana 2027-28 agus i gcomhthéacs na treorach nuashonraithe ón Roinn Oideachais.

6. CUR IN IÚIL AN PHLEAN

Seolfar cóip den phlean chuig gach múinteoir agus chuig tuismitheoirí/caomhnóirí na scoile. Déanfar bogchóip den phlean a uaslódáil ar shuíomh idirlín na scoile.

7. DAINGNIÚ AN PHLEAN

Daingníodh an plean seo ag cruinniú den Bhord Bainistíochta ar an 19ú Deireadh Fómhair 2026.

	
Siniú Chathaoirligh an Bhoird Bainistíochta	Siniú Phriomhoide na Scoile